# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2158 ÓN gCOIMISIÚN

## an 6 Nollaig 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras clasaiceach na muc a ghabhann do mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus do mhuc-ainmhithe fiáine agus is féidir tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta toisc go gcuireann sé isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus táirgí ó na hainmhithe sin laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún ([2]) laistigh de chreat Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras clasaiceach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis sna criosanna srianta a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

(3) I bhfianaise éifeachtacht na mbeart faireachais agus rialaithe a rinneadh sa Bhulgáir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934, de réir mar a chuir an Bhulgáir faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, agus i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche fabhraí atá ag fiabhras clasaiceach na muc sa Bhallstát sin, ba cheart críoch iomlán na Bulgáire a liostaítear mar chrios srianta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 faoi láthair, ba cheart é sin a scriosadh ón Iarscríbhinn sin anois.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 a leasú dá réir.

(5) I bhfianaise an fheabhais atá tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch atá ag fiabhras clasaiceach na muc sa Bhulgáir agus chun a áirithiú nach mbeidh srianta míchuí ann i dtaobh an ghalair sin, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe a dhéanfar ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 leis an Rialachán seo a luaithe is féidir.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc (IO L 204, 10.6.2021, lch. 18).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN I*

**CRIOSANNA SRIANTA**

**an Rómáin**

Críoch iomlán na Rómáine."